Oisín i dTír na nÓg

Oisín i dTír na nÓg

I bhfad ó shin in Éirinn bhí fear ann a raibh Fionn Mac Cumhaill air. Fear mór maith a bhí ann. Tá a lán scéalta againn faoi go fóill. Bhí grúpa fear aige a raibh na Fianna air. Chosain na fir seo Ardrí na hÉireann agus bhí meas ag muintir na hÉireann ar Fhionn agus ar a chuid fear.

Ba ghnáth leo sé mhí a chaitheamh ag seilg agus sé mhí eile a chaitheamh istigh ag scéalaíocht agus ag imirt cluichí boird. Seo scéal amháin fúthu.

Bhí Fionn agus na Fianna ag seilg in aice le Loch Léin in áit a bhfuil Contae Chiarraí uirthi inniu. Bhí siad ag seilg an lá ar fad agus bhí tuirse orthu go léir. Luigh cuid acu síos. Chuaigh Conán Maol ag iascaireacht agus chuidigh Diarmuid leis. Las Goll Mac Morna tine chun na héisc a róstadh. Labhair Fionn lena mhac Oisín. Sheas Oisín ar bhruach an locha agus é ag baint sult as an tráthnóna ghalánta. Nach deas an lá é? dar leis. Bhí an ghrian te go leor go fóill agus bhí a shúile ag druidim nuair a shíl sé go bhfaca sé rud éigin ag teacht trasna an locha ionsair. “Ná bí bómánta,” arsa Oisín leis féin. Dhruid sé a shúile, chuimil iad agus d’amharc arís. Bhí sé ann ar fad, ach é ní ba shoiléire an iarraidh seo! Capall a bhí ann. Capall mór bán agus bhí spéirbhean ar a dhroim. Sheas sé ansin ag amharc uirthi. Faoin am seo chonaic Conán agus Diarmuid í chomh maith.

“Cad é seo chugainn?” arsa Diarmuid.

D’amharc Fionn suas agus chonaic sé cailín chomh hálainn agus a chonaic sé riamh. Stad an cailín nuair a tháinig sí a fhad leo. “Cad é mar atá tú, a Fhionn?” arsa an cailín álainn. Chuir seo iontas ar Fhionn. Cad é mar a bhí a fhios aici a ainm?

“Tá mé go breá, a chailín. Ach mínigh seo dom. Cad é mar atá a fhios agat m’ainm?”

“Is mise Niamh Cinn Óir, agus tá cónaí orm i dTír na nÓg. Tá a fhios againn achan rud faoi Fhionn agus faoi na Fianna. Tháinig mé anseo le labhairt le

do mhac Oisín. Tá mé ag coimhéad air le fada anois agus is dóigh liom go bhfuil mé i ngrá leis."

Chuir seo iontas air mar Oisín. D'éirigh sé dearg san aghaidh. D'amharc sé uirthi agus chonacthas dó nach bhfaca sé cailín chomh dóighiúil léi ariamh. Labhair Fionn leis.

"Cad é atá le rá agat faoi seo?" arsa Fionn lena mhac.

"Níl a fhios agam," arsa an fear óg. "Níl a fhios agat óir ní raibh tú i dTír na nÓg go fóill," arsa Niamh agus í ag iarraidh an fear a mhealladh.

"Ní hé sin é," arsa Oisín, "ach tá mé sásta anseo le mo chairde agus le m'athair, agus níl rún agam dul áit ar bith eile."

"Cad é mar atá a fhios agat nach mbeadh dúil agat i dTír na nÓg? Is áit ghalánta í. Bíonn sé ina shamhradh i dtólamh ansin. Ní bhíonn aois ná bás ann. Bíonn an ghrian ag soilsiú de shíor ann. Bíonn an áit geal ar fad. Bíonn bláthanna de gach saghas ag fás ann. Ní bhíonn anás ar bith ann. Bíonn gach rud óg bríomhar ann. Smaoinigh air! Beidh tú beo go deo. Beidh muid le chéile i dtólamh."

Bhí eagla ag teacht ar Fhionn. Chonaic sé go raibh athrach ag teacht ar intinn Oisín. Bhí a fhios aige fosta gur sióg a bhí i Niamh. Thiocfadh léi a thabhairt léi dá mba mhian léi é. Bhí eagla air nach bhfeicfeadh sé a mhac arís.

"Bí cúramach, a mhic," arsa Fionn. "Tá seans ann nach mbeidh cead agat teacht ar ais anseo arís."

D'amharc Oisín ar a athair agus ar na Fianna agus ansin d'amharc sé ar an bhean óg álainn a bhí os a chomhair. Bhí a súile glasa ag stánadh air. Bhí a fhios aige ansin cad é a dhéanfadh sé. Bhí sé faoi dhraíocht aici!

“Tá a fhios agam, a athair, go mbeidh tú buartha agus go mbeidh cumha ormsa fosta ach tá mé ag dul go Tír na nÓg leis an bhean álainn seo mar tá mé i ngrá léi agus níl an dara suí sa bhuaile agam.”

Bhí a fhios ag Fionn nárbh fhiú dó labhairt lena mhac mar go raibh sé faoi gheasa ag an tsióg mná.

D’fhág Oisín slán ag a chairde agus bhí cumha ar Chonán cheana. Ansin, labhair sé lena athair. Bhí deora i súile Fhionn óir bhí a fhios aige nach bhfeicfeadh sé a mhac níos mó.

“Tabhair aire duit féin, a mhic. Ná déan dearmad gur ball den Fhiann thú. Bí ionraic macánta i dtólamh. Ná déan éagóir ar aon neach beo.”

Thug sé barróg dó agus léim an fear óg ar an chapall le Niamh agus d’imigh siad leo trasna an locha thar shléibhte gur tháinig siad a fhad leis an mhuir mhór.

Bhí iontas an domhain ar Oisín. D’imigh an capall trasna na mara mar bheadh talamh ann. Siar leo i rith an lae gur thit an oíche. Faoin am seo bhí tuirse nach beag ar Oisín. Thit a chodladh air. Cheap sé go dtitfeadh sé den chapall ach nuair a mhúscail sé ar an lá arna mhárach bhí sé ar an chapall ar fad.

“Cá bhfuil muid anois?” arsa Oisín le Niamh agus a sháith iontais air.

“Ní fada uainn Tír na nÓg anois,” arsa Niamh leis agus aoibh ar a béal.

Gan mórán moille chonaic Oisín talamh i bhfad uaidh. I gceann uaire nó mar sin tháinig siad i dtír. Bhí an ghrian ag glioscarnach. Bhí sé te ach gan a bheith brothallach. Chuaigh siad ar aghaidh ag dul i dtreo an chaisleáin. Thug Oisín gach rud faoi deara. Bhí bláthanna agus plandaí ann nach bhfaca sé riamh. Bhí crainn arda ghlasa ag fás gach áit. Bhí úlla agus piorraí ag fás. Bhí bláthanna de gach saghas ann, agus iad buí, dearg, corcra, gorm agus flannbhuí. Chonaic sé ainmhithe nach bhfaca sé go nuige seo.

Chonaic sé capall agus adharc ar chlár a éadain. Chonaic sé dineasáir bheaga a shíl sé a bheith marbh leis na cianta.

Sa deireadh tháinig sé go dtí an caisleán. Bhí athair agus máthair Niamh ann rompu agus cuireadh fáilte agus fiche roimh Oisín. Bhí cuma óg go maith ar na tuismitheoirí, rud a chuir iontas go leor ar an fhear óg. Tugadh glasraí agus físon dó. Bhlais sé an bia ab fhearr dár bhlais sé riamh, nuair a chuaigh sé a luí an oíche sin bhí sé doiligh aige dul a chodladh. Luigh sé ansin ag smaoineamh ar an tsaol a bhí roimhe agus ar an tsaol a d'fhág sé ina dhiaidh in Éirinn. Bhí cumha air, ar ndóigh, ach bhí iontas air chomh maith.

Chaith Oisín cúpla seachtain ag cur eolais ar an áit. Bhí gach rud úr nua aige. Smaoinigh sé ar Fhionn agus ar na Fianna anois agus arís ach de réir a chéile rinne sé dearmad ar an tsaol a bhí aige. Bhí sé i ngrá le Niamh agus bhí siad sona agus sásta lena chéile. Ba ghnáth leo dul ag spaisteoireacht san oíche agus is ansin a theagasc Niamh teanga Thír na nÓg dó. Bhí sí iontach cosúil leis an teanga Gaeilge. Bhí go maith agus ní raibh go holc. Ní raibh a fhios ag Oisín cad é a tháinig air ach de réir a chéile tháinig cumha air. Ag an tús smaoinigh sé ar na Fianna agus ar a chairde. Ansin, thosaigh sé ag meabhrú faoina athair.

Níor chuir sé isteach air an oiread sin ach nuair a rinne sé iarracht gan smaoineamh air thosaigh sé ag cur isteach go millteanach air. Ba mhinic a chuaigh sé thar a chodladh. Sa deireadh dúirt sé le Niamh go raibh sé ag iarraidh dul abhaile seal a chuarta. Bhí eagla a craicinn uirthi. Bhí a fhios aici go raibh a grá i mbaol! D'amharc sí air agus thuig sí go raibh an buaireamh seo ag cur isteach air. Bhí trua aici dó. Bhí sí buartha ach ghéill sí dó.

"Níor mhaith liom tú imeacht uaim," arsa Niamh Cinn Óir faoi bhrón, óir thuig sí go raibh seans nach beag ann nach bhfeicfeadh sí arís é.

"Ní bheidh mé i bhfad," arsa Oisín. Tugadh an capall bán dó.

"Cibé eile a dhéanfaidh tú ná cuir do chos ar thalamh na hÉireann. Má dhéanann tú sin ní fheicfidh tú mé arís. An dtuigeann tú sin?"

Thuig Oisín seo go maith ach bhí eagla air. Eagla nach raibh sé in inmhe a thuigbheáil. Smachtaigh sé an eagla agus dúirt léi arís nach mbeadh sé i bhfad. Bhí na deora le Niamh nuair a d'fhág siad slán ag a chéile. Trasna na mara leis. Soir agus soir i dtreo na hÉireann. Bhí titim na hoíche ann nuair a thug sé talamh faoi deara i bhfad uaidh.

Bhí sé dorcha nuair a tháinig sé i dtír agus stad sé ar an trá don oíche agus é ina luí ar an each bhán mar nach raibh cead aige a chos a leagan ar thalamh na hÉireann. Nuair a mhúscail sé ar maidin, bhí sé lom láithreach. Bhí iontas agus amhras air! Bhí tithe agus bóithre sa taobh sin tíre nach raibh ann nuair a bhí sé ansin roimhe ach ní raibh sé ar shiúl an fad sin, an raibh? Trí bliana a bhí ann ó d'fhág sé Fionn agus a chairde. Chonaic sé slua fear ag caint lena chéile. Nár bheag iad! Bhí éadaí aisteacha orthu. Bhí rud inteacht contráilte. Ar aghaidh leis i dtreo dhún Fhionn agus Theamhair na Ríthe. Nuair a tháinig sé a fhad le dún Fhionn ní raibh roimhe ach ballóga. Thuig sé ansin go raibh ní ba mhó ná trí bliana i gceist. Ní raibh rogha aige ach pilleadh ar ais go Tír na nÓg. Siar leis agus é faoi smúid.

Roimh i bhfad tháinig sé a fhad le grúpa fear a bhí ag iarraidh cloch a thógáil. Bhí iontas orthu nuair a tháinig an duine aisteach ionsorthu.

"Cad chuige nach dtig libh an chloch seo a bhogadh? Thiocfadh leis an fhear is laige de na Fianna sin a thógáil gan stró," arsa Oisín.

"Is fada marbh iad sin," arsa duine acu leis.

Bhí eagla ar Oisín gur sin mar a bhí. Bhí sé ar tí imeacht nuair a bhuail tallann feirge é.

"Scrios oraibh," a scread sé in ard a ghutha. Chrom sé anuas chun an chloch a thógáil gur bhris an diallait faoi agus gur thit sé go talamh. Nach uafásach an t-athrach a tháinig air! D'imigh an óige mar cheo roimh sholas na gréine. Rith an capall ar nós na gaoithe agus fágadh Oisín ina sheanóir craptha. Bhí sceimhle ar achan duine a chonaic seo agus cuireadh fios ar mhanach. Bhí eagla orthu go raibh draíocht ag baint leis.

Tháinig an manach gan mórán moille. Thuig seisean gurbh é Oisín a bhí ann nó ba mhinic a chuala sé féin scéal Oisín agus é óg. Thug an manach maith Oisín chuig a chillín féin agus tugadh aire mhaith dó go bhfuair sé bás. Tá a lán scéalta againn faoi Oisín agus faoin chomhrá a bhí aige leis an mhanach seo. Creideann cuid de mhuintir na hÉireann gurbh é Naomh Pádraig a bhí sa mhanach seo.

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning